2024/1276

6.5.2024

CINNEADH (AE) 2024/1276 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Aibreán 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 192 agus 207 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006 (ITTA 2006), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh 2011/731/AE ([1]) ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 7 Nollaig 2011.

(2) De bhun Airteagal 6 de ITTA 2006, is í an Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (ITTC) údarás is airde na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (ITTO) agus is comhairle í atá comhdhéanta de chomhaltaí uile ITTO.

(3) Bhí ITTA 2006 le leanúint d'fheidhm a bheith aige ar feadh tréimhse 10 mbliana, eadhon go dtí an 6 Nollaig 2021, mura rud é gur chinn ITTC síneadh a chur leis, é a chaibidliú an athuair nó é a fhoirceannadh trí vóta speisialta i gcomhréir le hAirteagal 12 de ITTA 2006.

(4) De bhun Airteagal 44(2) de ITTA 2006, féadfaidh ITTC a chinneadh ar shíneadh a chur le ITTA 2006 ar feadh suas le dhá thréimhse, tréimhse thosaigh 5 bliana agus tréimhse bhreise 3 bliana.

(5) Cuireadh síneadh le ITTA 2006 le cinneadh 4(LVII) ó ITTC ar feadh tréimhse tosaigh 5 bliana ón 7 Nollaig 2021 go dtí an 6 Nollaig 2026 agus thoiligh an tAontas leis an síneadh sin le Cinneadh (AE) 2021/837 ón gComhairle ([2]).

(6) Ag an 59ú seisiún de ITTC i mí na Samhna 2023, chinn ITTC cinneadh a dhéanamh, gan teacht le chéile, faoin 1 Meitheamh 2024 maidir le cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear síneadh le ITTA 2006 ar feadh tréimhse trí bliana ón 7 Nollaig 2026 go dtí an 6 Nollaig 2029.

(7) Is chun leas an Aontais é an síneadh breise atá beartaithe a chur le ITTA 2006 ar feadh 3 bliana, ós rud é go bhfuil am agus acmhainní leordhóthanacha ag teastáil ó ITTO chun comhaontú ina dhiaidh sin a ullmhú.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in ITTC a bhunú maidir le síneadh a chur le ITTA 2006,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach vótáil i bhfabhar síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006 ar feadh tréimhse breise 3 bliana ón 7 Nollaig 2026 go dtí an 6 Nollaig 2029.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Aibreán 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. CLARINVAL

([1]) Cinneadh 2011/731/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, 2006 (IO L 294, 12.11.2011, lch. 1).

([2]) Cinneadh (AE) 2021/837 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas Eorpach sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach, 2006 (IO L 185, 26.5.2021, lch. 23).